Parlaimint na hEorpa
2019-2024

*Toscaireacht chuig an gComhdháil ar Thodhchaí na hEorpa*

**DCFE_PV(2022)0302_1**

# MIONTUAIRISCÍ

**chruinniú an 2 Márta 2022, 16.15-18.45**

**An Bhruiséil**

Cuireadh tús leis an gcruinniú ar 16.23 Dé Céadaoin, 2 Márta 2022, agus ba é Guy Verhofstadt (Cathaoirleach) a bhí sa chathaoir.

***(Sruthú gréasáin)***

**1. An clár oibre a ghlacadh** Dréachtchlár Oibre (2022)0302_EN

Glacadh an clár oibre mar a moladh.

**2. Fógraí an Chathaoirligh**

I bhfianaise na n-imeachtaí a tharla le déanaí, chuir an Cathaoirleach na Comhaltaí ar an eolas go bhfuil sé ar intinn aige cuireadh a thabhairt do thoscaireacht de theifigh ón Úcráin chuig obair Sheisiún Iomlánach na Comhdhála, chun go mbeidh siad rannpháirteach go gníomhach mar gheallsealbhóirí sa phróiseas, go háirithe sa díospóireacht ar an ábhar “An tAontas sa domhan”.

D’iarr an Cathaoirleach ar an bParlaimint a bheith níos uaillmhianaí fós don Chomhdháil. D’iarr sé go gcuirfí tús le Coinbhinsiún, a fhógrófar an 9 Bealtaine i nDearbhú Comhchoiteann ón triúr Uachtarán maidir le torthaí na Comhdhála. Ar an bpointe sin, labhair Manfred WEBER agus Michiel HOOGEVEEN. Ar thogra ón gCathaoirleach, chomhaontaigh na Feisirí an ítim sin a phlé tuilleadh ag an gcéad chruinniú eile den Toscaireacht.

Thairis sin, thíolaic an Cathaoirleach an toradh a bhí ar an mbabhta deiridh de na ceithre Phainéal Saoránach Eorpach agus an féilire athbhreithnithe a mhol na Comhchathaoirligh. Ní mór don Bhord Feidhmiúcháin tacú leis an dara ceann fós, d’fhonn cruinniú iomlánach breise a chur leis i mí Aibreáin. Leag sé amach an obair a bhfuiltear ag súil leis ó Chruinniú Iomlánach na Comhdhála sa dá mhí seo a leanas:

- **Seisiún iomlánach I mhí an Mhárta:** Moltaí Phainéil 1 agus 4 a chur i láthair agus a phlé;
- **Seisiún iomlánach II mhí an Mhárta**: Plé agus faisnéisiú an tSeisiúin Iomlánaigh ag na Meithleacha maidir leis an obair atá déanta;
- **Seisiún I mhí Aibreáin:** plé ar thograí uile na Meithleacha;
- **Seisiún II mhí Aibreáin** (fós faoi réir fhormheas an Bhoird Feidhmiúcháin): an obair a thabhairt chun críche, bunaithe ar thograí a d’fhéadfaí a athbhreithniú sna Meithleacha. Ag deireadh an phróisis sin, **beidh deis ag na saoránaigh iad féin a chur in iúl** maidir leis na tograí, ach gan ‘chros’.
- **9 Bealtaine: Imeacht clabhsúir**, agus comhdhearbhú ón triúr Uachtarán ina luaitear go foirmiúil a rannpháirtíocht maidir leis an obair leantach atá comhaontaithe.

Ar deireadh, d’fhógair an Cathaoirleach roinnt doiciméad spéise don Toscaireacht. Is éard atá i gceist leo sin, ar an gcéad dul síos, dhá staidéar as ceithre cinn ar an iomlán ag seirbhísí na Parlaiminte, ina leagtar amach seasamh na Parlaiminte agus aon tograí nó gníomhartha AE atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo maidir le gach ceann de na moltaí. Is í an tSeirbhís Eorpach Taighde (EPRS), in éineacht leis na hArd-Stiúrthóireachtaí um Beartais Inmheánacha (IPOL) agus um Beartais Sheachtracha (EXPO), a chuireann an forléargas sin ar fáil. Ar an dara dul síos, fuair na Comhaltaí na treoirlínte a chomhaontaigh na Comhchathaoirligh maidir le conas bogadh ó mholtaí na saoránach go dtí tograí an tseisiúin iomlánaigh. Ar an tríú dul síos, luaigh an Cathaoirleach go raibh an obair ar mhodhanna oibre inmheánacha PE don chéim dheireanach sin á cur i gcrích, rud a scaipfí go luath.

Mar chríoch, chuir an Cathaoirleach dara cruinniú comhpháirteach na bParlaimintí Náisiúnta agus thoscaireachtaí Pharlaimint na hEorpa i gcuimhne do na Feisirí ag an gComhdháil ar an 24 Márta in Strasbourg, agus é mar aidhm aige páipéar comhpháirteach a phlé le tograí comhchoiteanna.

**3.** ***Malartú tuairimí faoi na moltaí ó Phainéal Saoránach Eorpach 1 maidir le 'Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist / Oideachas, cultúr, an óige agus spórt / An claochlú digiteach' agus Painéal Saoránach Eorpach 4 maidir le 'An tAontas sa domhan /An imirce', mar ullmhúchán do sheisiún iomlánach na Comhdhála an 11 agus an 12 Márta 2022.***

Malartú tuairimí

Chuir an Cathaoirleach tús leis an bpointe.

Rinneadh an malartú tuairimí a roinnt ina dhiaidh sin ina gcúig dhíospóireacht ar na fo-ábhair chomhfhreagracha, san ord a leagtar amach thíos: Chuir comhordaitheoir Pharlaimint na hEorpa atá freagrach, nuair a bhíonn sé i láthair, tús le gach díospóireacht, faoi seach:

(1) '*Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist';*

(2) '*Oideachas, cultúr, an óige agus spórt';*

(3) '*An Claochlú Digiteach';*

(4) '*An Eoraip sa Domhan';*

(5) '*Imirce';.*

Labhair na Feisirí seo a leanas:

(1) '*Geilleagar níos láidre, ceartas sóisialta agus poist';* Siegfried MUREŞAN, Nicola BEER, Domènec RUIZ DEVESA, Monika VANA, Michiel HOOGEVEEN, Sandra PEREIRA, Sirpa PIETIKÄINEN, Niklas NIENASS.

(2) *'Oideachas, cultúr, an óige agus spórt';* Laurence FARRENG, Isabel WISELER-LIMA, Victor NEGRESCU, Niklas NIENASS, Helmut SCHOLZ, Alicia HOMS GINEL.

(3) *'An Claochlú Digiteach':* Alessandro PANZA, Sandra PEREIRA, Josianne CUTAJAR.

(4) '*An Eoraip sa Domhan*': Andrius KUBILIUS, Costas MAVRIDES, Hélène LAPORTE, Danuta HÜBNER, Domènec RUIZ DEVESA, Paulo RANGEL.

(5) *'Imirce':* Marc ANGEL, Sunčana GLAVAK, Nils UŠAKOVS, Jordi SOLÉ, Gunnar BECK, Pernando BARRENA ARZA.

Thug an Cathaoirleach an pointe chun críche.

## 4. Aon ghnó eile

-

## 5. An chéad chruinniú eile

16 Márta 2022 sa Bhruiséil.

Tháinig deireadh leis an gcruinniú ar 19.15h.

## LIOSTA TINRIMH

## I LÁTHAIR SA SEOMRA

ANGEL, BECK, BEER, DURAND, GLAVAK, GOZI, HOMS GINEL, HOOGEVEEN, KARAS, KUBILIUS, MAVRIDES, MUREŞAN, NEGRESCU, OLIVIER, PEREIRA, PIETIKÄINEN, PUIGDEMONT I CASAMAJÓ, RANGEL, RUIZ DEVESA, SCHIEDER, SCHOLZ, SILVA PEREIRA, SOLÉ, UŠAKOVS, VERHOFSTADT, WISELER-LIMA

## I LÁTHAIR Ó CHIAN

Al-SAHLANI, BARRENA ARZA, BECK, BIZZOTTO, CLUNE, CUTAJAR, FARRENG, GLAVAK, HÜBNER, HUHTASAARI, KUMPULA-NATRI, LAPORTE, MAVRIDES, NIENAß, PANZA, RANGEL, SCHEIDER, TOIA, VANA